

Teann- dáileoga COVID-19



**COVID-19
VACCINE**
Public Health
Advice

le linn toirchis

Cén fáth go mba cheart dom mo chéad vacsaín COVID-19 eile a fháil?

Tá sé tábhachtach a bheith suas chun dáta leis na vacsaíní COVID-19, fiú má tá tú vacsaínithe cheana nó fiú má tholg tú COVID-19 cheana:

- seans go bhfuil an chosaint a fuair tú ón vacsaín cheana nó an chosaint a fuair tú ó ionfhabhtú COVID-19 ag éirí níos laige le himeacht ama.
- d'fhéadfá bheith i mbaol méadaithe dianghalair dá mba rud é gur tholg tú COVID-19

Cuireann COVID-19 do shláinte féin agus sláinte do linbh i mbaol. Ní bhíonn ach siomptóim éadroma nó measartha ar dhaoine a tholgann COVID-19 agus iad torrach. Is mó an dóchúlacht, áfach, go n-éireoidh tú an-tinn agus go mbeidh cóir leighis de dhíth ort faoi dhianchúram ná mar atá ann ina gcás iad siúd nach bhfuil torrach. D'fhéadfadh an víreas chomh maith bheith ina chúis le haimhréidheanna don leanbh, ar a n-áirítear breith réamhaibí nó marbh-bhreith.

Tá páistí faoi bhun 1 bhliain d'aois i mbaol méadaithe bheith curtha san ospidéal agus dianghalar orthu ó COVID-19. Ba lú an baol go mbeadh cúram san ospidéal de bharr COVID-19 de dhíth ar linbh óga má ba rud é gur tugadh an vacsaín dá máithreacha le linn a dtoirchis.

Is é an bealach ceart chun an chosaint is fearr ar fad in aghaidh COVID-19 a fháil duit féin agus don leanbh ná an vacsaín COVID-19 a fháil le linn an toirchis.

Cén líon dáileog vacsaíne COVID-19 ba cheart bheith faighte agam?

Más rud é go bhfuil an chéad bhabhta (2 dháileog de ghnáth) agus teanndáileog amháin faighte agat roimh duit éirí torrach, féadann tú an dara teanndáileog a fháil ag nó i ndiaidh 16 seachtaine toirchis (4 mhí ar a laghad tar éis na céad teanndáileoige).

Más rud é go bhfuair tú an chéad theanndáileog le linn an toirchis seo, ní gá an dara teanndáileog ansin.

Más rud é nach bhfuair tú ceann ar bith de na vacsaíní seo, is féidir leat do chéad bhabhta de vacsaíní COVID-19 nó an chéad theanndáileog a fháil ag céim ar bith den toircheas.

Cathain ba cheart dom teanndáileog den vacsaín a fháil?

Ba cheart duit an teanndáileog a fháil 4 mhí tar éis an vacsaín dheiridh COVID-19 a fuair tú. Más rud é gur tholg tú COVID-19 is ceart duit fanacht 4 mhí ar a laghad roimh duit an teanndáileog a fháil

Céard is eol dúinn faoi shábháilteacht na teanndáileoige?

Tá níos lú eolais againn faoi shábháilteacht na dara teanndáileoige COVID-19 agus na dteanndáileog ina dhiaidh sin. Tá teanndáileoga iolracha de vacsaíní COVID-19 tugtha ag mórán tíortha do na daoine iontu, áfach. Tá sé léirithe ag staidéir a rinneadh nár tháinig aon ábhair inmí chun cinn gan choinne go dtí seo maidir le daoine a fuair teanndáileoga iolracha

An bhfuil teanndáileog den vacsaín ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach?

Níl an dara teanndáileog ná teanndáileoga ina dhiaidh sin de vacsaíní mRNA faofa ag an EMA.

Féadann moltaí ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) bheith éagsúil le moltaí ón EMA mar gheall ar shonraí agus ar chúrsaí áitiúla. In Éirinn, cloímid le comhairle ó NIAC.

An féidir liom an vacsaín COVID-19 a fháil ag an am céanna le vacsaíní eile?

Is féidir. Má tá tú dlite chun vacsaín in aghaidh fliú nó treacha a fháil, féadann tú vacsaín COVID-19 a fháil ag an am céanna. Is gnách vacsaín in aghaidh fliú a thairiscint idir mí Dheireadh Fómhair agus mí Aibreáin.

Moltar an vacsaín in aghaidh treacha a fháil idir 16 agus 36 seachtaine den toircheas agus tá sé le fáil i gcaitheamh na bliana, ó do dhochtúir teaghlaigh de ghnáth.

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais faoi na vacsaíní le fáil ar hse.ie/covid19vaccine/ nó is féidir leat **glaoch ar an bhfoireann ag HSELive ar 1800 700 700**. Bíonn siad ar oscailt ó 8am go 8pm Luan go hAoine agus 9am go 5pm Satharn agus Domhnach.

Is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh, altra, cógaiseoir nó vacsaíneoirchomh maith.

Arna fhoilsiú ag FSS ar 08 Lúnasa 2022 Leagan 1



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland